GÉIBHEANN

Le Caitlín Maude

Ainmhí mé

ainmhí allta

as na teochreasa

a bhfuil cliú agus cáil

ar mo scéimh

chroithfinn crainnte na coille

tráth

le mo ghair

ach anois

luím síos

agus breathnaím trí leathshúil

ar an gcrann aonraic sin thall

Tagann na céadta daoine chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith dom

ach mé a ligean amach.

MO GHRÁ-SA (IDIR LÚIBÍNÍ)

Le Nuala Ní Dhomhnaill

Níl mo ghrá-sa
Mar bhláth na n-airní
a bhíonn i ngairdín
(nó ar chrann ar bith)

is má tá aon ghaol aige
le nóiníní
is as a chluasa a fhásfaidh siad
(nuair a bheidh sé ocht dtroigh síos)

ní haon ghlaise cheomhar
iad a shúile
(táid róchóngarach dá chéile
ar an gcéad dul síos)

is más slim é síoda
tá ribí a ghruaige
(mar bhean dhubh Shakespeare)
ina *wire* deilgní.

Ach is cuma sin.
Tugann sé dom
úlla
(is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar
caora fíniúna.

COLSCARADH

Le Pádraig Mac Suibhne

Shantaigh sé bean

i nead a chine,

faoiseamh is gean

ar leac a thine,

aiteas is greann

i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear

is taobh den bhríste,

dídean is searc

is leath den chíste,

saoire thar lear

is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.

Scaradar.

An tEarrach Thiar

Le Máirtín Ó Direáin

Fear ag glanadh cré
De ghimseán spáide
Sa gciúnas shéimh
I mbrothall lae
Binn an fhuaim
San Earrach thiar.

Fear ag caitheadh
Cliabh dhá dhroim
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin.
Niamhrach an radharc
San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtair diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
Támh-radharc síothach
San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha
Currach lán d'éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
i ndeireadh lae
San Earrach thiar.

AN SPAILPÍN FÁNACH

Ní fios cé a chum

Im spailpín fánach táim le fada

ag seasamh ar mo shláinte,

ag siúl an drúchta go moch ar maidin

‘s ag bailiú galair ráithe;

ach glacfad *fees* ó rí na *gcroppies*,

cleith is píc chun sáite

‘s go brách arís ní ghlaofar m’ainm

sa tír seo, an spailpín fánach.

Ba mhinic mo thriall go Cluain gheal Meala

‘s as seo go Tiobraid Árann:

i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn

cúrsa leathan láidir;

i gCallainn go dlúth ‘s mo shúiste im ghlac

ag dul chun tosaigh ceard leo

‘s nuair a théim go Durlas ‘s é siúd bhíonn agam –

“Sin chú’ibh an spailpín fánach!”

Go deo deo arís ní raghad go Caiseal

ag díol nó ag reic mo shláinte

ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,

im scaoinse ar leataobh sráide,

bodairí na tíre ag tíocht ar a gcapaill

á fhiafraí an bhfuilim hireálta;

‘téanam chun siúil, tá an cúrsa fada’ –

Siúd siúl ar an spailpín fánach.